

Dís - le Siobhán Ní Shúilleabháin.

Téama an Scéil:

Baineann an gearrscéal seo le cogadh na ngnéasanna agus easpa tuisceana. Is beag cur síos a fhaighimid ar shaol na lanúine sa scéal - Cur i láthair laghdaithe a thugann an scríbhneoir dúinn. Tá an scéal i bhfoirm agallaimh beirte. Faighimid léargas éadrom sa chomhrá ar ghnáthchaidreamh. Ag tús an scéil, shíl an fear go raibh gach rud i gceart. Ar dtús, dúirt a bhean chéile go raibh sí míshásta agus ansin dúirt sí nach raibh. Is minic a bhíonn easpa tuisceana idir fir is mná!

Carachtair an Scéil:

An fear céile: Is **gnáthfhear pósta** é a bhfuil páiste amháin aige. Tá caighdeán beatha réasúnta aige, mar tá stéig á ullmhú sa chistin. Oibríonn sé go cruu, ach ní thuigeann sé an brú a bhíonn ar a bhean sa teach. Nuair atá sé ag léamh an nuachtáin agus í ag iarraidh labhairt leis, tugann sé cluas bodhar di. D'fhéadfá a rá gur duine **leithleach, drochbhéasach** é mar ní thugann sé aird cheart di agus í ag caint. Tá fearg air gur thug sí eolas príobháideach sa tsuirbhé fosta.

Ach is léir gur **athair maith** é, mar tá sé buartha faoin leanbh agus a bhean ag iarraidh poist lasmuigh den teach - Rud a chuireann ionadh air. Sa deireadh, b'fhéidir go bhfuil tuiscint níos fearr aige ar shaol na mná tí.

An bhean chéile: Is **gnáthbhean phósta** í a bhfuil páiste amháin aici. Tá caighdeán beatha réasúnta aici, mar tá stéig á ullmhú sa chistin. Níl post aici lasmuigh den teach agus tá sí faoi bhrú mar bhean tí. Is léir go mothaíonn sí **uaigneach, dúdóite** sa teach - Rud nach dtuigeann a fear céile. Tuigimid go bhfuil leadrán an tsaoil ag cur as di.

Is **duine soghonta, ghoilliúnach** í atá ag iarraidh airde mar is ceart óna fear. Feicimid go bhfuil sí **cineálta** chomh maith, mar bhí trua aici don bhean óg agus í ag iompar clainne. Ach is léir go bhfuil sí **saonta** fosta, mar d'fhreagair sí na ceisteanna ar fad don strainséir a tháinig chun tí. Chreid sí go bhfaigheadh sí post as, ach ní bhfuair.

An Greann sa Scéal:

Is gearrscéal iontach é seo ina dtugtar léiriú greannmhar ar an easpa tuisceana idir fir is mná. Deir an bhean chéile lena fear nach bhfuil inti ach staitistic, ach níl seisean ag éisteacht le focal a bhfuil á rá aici! Tá díomá ar an fhear nuair a chloiseann sé go bhfuil a bhean chéile ag iarraidh seasamh isteach don bhean óg. Ach ansin admhaíonn an bhean nach raibh sí ag insint na fírinne sa tsuirbhé mar go ndearna a fear rud éigin uirthi an mhaidin sin nach cuimhin léi anois! A bhúí leis an cur i láthair sochreidte, faighimid léargas greannmhar ar mheon na lanúine.

Barúl:

Thaitin an scéal seo go mór liom, mar tá sé réalaióch ar fad. Feictear sa scéal gnáthfhear, gnáthbhean agus gnáthchaidreamh. Ag tús an scéil, níl rud ar bith as bealach. Tá an leanbh ina chodladh sa phram, tá stéig á ullmhú sa chistin, agus tá seancharr sa gharáiste. Ansin cuirtear síos ar an mhíthuiscint idir an bheirt. Ach, ag deireadh ag scéil, tá an leanbh fós ina chodladh sa phram, tá stéig fós á ullmhú sa chistin, agus tá seancharr fós sa gharáiste. Níl rud ar bith athraithe.

Is é bua an scéil go bhfaigheann an léitheoir léargas soiléir ar mheon na lanúine, cé nach dtugann an scríbhneoir ach comhrá gonta dúinn. Glactar leis sa lá atá inniu ann go bhfuil fir agus mná ar chomhchéim, ach tá cuid mhór difríochtaí eatarthu ina meon. Láimhsítear an téama, cogadh na ngnéasanna, go héadrom tríd síos agus taitníonn sin go mór liom.